2024/2164

20.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2164 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2024

maidir le híoscheanglais a bhaineann le sonraí feithiclí fruilithe atá le cur isteach sna cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 4665)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithiclí a fhruilítear gan tiománaithe le hearraí a iompar de bhóthar ([1]), agus go háirithe Airteagal 3a(8) de,

Tar éis dul dó i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú de bhun Airteagal 5b(1) de Threoir 2006/1/CE,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3a(1) de Threoir 2006/1/CE, tá sonraí a bhaineann le feithiclí a fhruilítear gan tiománaí agus atá in úsáid ag gnóthais a ghabhann d'iompar earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht le háireamh sa chlár leictreonach náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('na cláir leictreonacha náisiúnta').

(2) Faoi Airteagal 3a(3) de Threoir 2006/1/CE, tá na Ballstáit leis an gClár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) a úsáid chun faisnéis a mhalartú faoi fheithiclí a fhruilítear gan tiománaithe. Chun go malartófar an fhaisnéis sin go rianúil, tá íoscheanglais maidir leis na sonraí atá le tabhairt isteach sa chlár leictreonach náisiúnta le bunú.

(3) Le Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún ([3]), bunaíodh íoscheanglais le haghaidh sonraí breise atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar. Chun idirnascadh na gclár náisiúnta a éascú freisin maidir le sonraí a bhaineann le feithiclí a fhruilítear gan tiománaithe, ba cheart sonraí breise maidir le feithiclí a fhruilítear gan tiománaithe a áireamh sna cláir leictreonacha náisiúnta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar seo a leanas a bheidh na híoscheanglais maidir leis na sonraí a bhaineann le feithiclí a fhruilítear gan tiománaí atá le cur isteach sna cláir leictreonacha náisiúnta:

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
Údarú	Cláruimhir na feithicle	Réimse alfa-uimhriúil saorthéacs	1-15
	An Tír ina bhfuil an Fheithicil Cláraithe	Roghnaithe as cód dhá litir ISO 3166-1 alfa 2	2

([1]) IO L 33, 4.2.2006, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/1/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1071/oj).

([3]) Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2009 maidir le híoscheanglais le haghaidh sonraí atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar (IO L 339, 22.12.2009, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/992/oj).

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún